cecde
Centre for Early Childhood Development & Education
An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

De Réir Sprice?

Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí a Dhíríonn ar Mhíbhuntáistí agus Riachtanais Speisialta i measc leanaí ó Bhreith go Sé Bliana d'Aois in Éirinn

Maresa Duignan agus Jacqueline Fallon
a rinne an taighde agus a scríobh

NDP National Development Plan
D·I·T Dublin Institute of Technology
Coláiste Phádraig Droim Conrach

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus cistithe i bpáirt ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Foilsithe ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9

Guthán: 353 1 8842110
Facs: 353 1 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Láithreán líonra: www.cecde.ie

ISBN: 0954581512

© 2004 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóite ag: Profile Lithoprint Limited

Arna aistriú ag: DCULS

Greville Edwards do dhearaigh agus do leag amach

Córas Eolais Gheografaigh agus Mapálú
le Patrick Haughey agus Ruth McManus

Réamhfhocal

Ó bunaíodh é i Meán Fómhair 2002, is í aidhm an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLÓ) riachtanais luath-oideachais leanaí uilig suas go sé bliana d'aois a mheas. Sa chomhthéacs seo aithním féin agus mo Roinn-sé an tábhacht atá le seirbhísí a sholáthar do leanaí faoi mhíbhuntáiste agus leanaí le riachtanais speisialta. Is céim shuntasach chun tosaigh an t-iniúchadh seo le foinse chuimsitheach sonraí bunaithe ar fhianaise a sholáthar d'fhonn beartas sna réimsí seo a chur chun cinn.

Breathnaíonn na húdair ar bhealach iomlánach ar earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn, agus léiríonn siad an réimse seirbhísí atá ar fáil ar fud na tíre do leanaí faoi mhíbhuntáiste agus leanaí le riachtanais speisialta. Tugann an t-iniúchadh seo chun solais na bearnaí sa soláthar reatha agus déanann moltaí lena n-áirítear cuspóirí soiléire a bheith ann i dtaca le torthaí don leanbh agus leis an réasúnaíocht taobh thiar de idirghabhálacha ar leith.

Cuirfidh an taighde seo bunlíne sonraí ar fáil don LFOLÓ faoin soláthar reatha agus cuideoidh sé leis agus creatlach ardchaighdeánach d'oideachas na luath-óige á cur chun cinn aige. Gan amhras beidh sé ina acmhainn an-úsáideach chomh maith do lucht ceaptha beartais agus iad ag forbairt straitéisí chun na constaicí a choscann daoine ar páirt iomlán a ghlacadh in oideachas ag gach leibhéal a bhaint.

Téama an-tábhachtach sa taighde seo is ea gur ghá díriú ar riachtanais leanaí le linn an luath-oideachais agus an luath chúraim ar fad. D'fhonn dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus comhionannas deise chomh maith le teacht ar oideachas a chothú, caithfidh seirbhísí ardchaighdeánacha na luath-óige a bheith comhordaithe agus solúbtha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as an saothar atá déanta ag gach duine a ghlac páirt san iniúchadh seo. Ní fhéadfaí tasca an LFOLÓ a dhéanamh gan an comhoibriú a fuarthas ó na heagrais agus na daoine a d'fhorbair agus a chuir ar fáil na seirbhísí iomadúla luath-óige a gcuirtear síos orthu anseo don chéad uair.

Noel Dempsey

Nollaig Ó Diomsaigh, T.D.
Aire Oideachais agus Eolaíochta

AOLO	Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige
BFCC	Boird Fhorbartha Chontae agus Chathrach
BFL	Bainistíocht Forbairt Limistéar
BSNMFC	An Bunachar Sonraí Náisiúnta do Mhíchumas Fisiciúil agus Céadfach
BSDR	Bunachar Sonraí Daltaí Bunscoile
BSNMI	Bunachar Sonraí Náisiúnta um Mhíchumas Intleachtúil
BTS	An Bord Taighde Sláinte
CAOS	Coiste Athbhreithnithe ar Oideachas Speisialta
CCCL	Coiste Contae Cúraim Leanaí
CCC	Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí
CCLCD	Clár Cúraim Leanaí le Comhionannas Deiseanna
CCNCL	An Coiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí
CDAO	Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
CDBO	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
CECL	Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí
CLÁR	Ceantair Laga Ard-Riachtanais
CME	Cumann Múinteoirí Éireann
CMP	Clár na Máithreacha sa Phobal
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNB	Cumann Náisiúnta na mBodhar
CNN	An Cumann Náisiúnta Naíolann
COLO	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
COFADF	Clár Oibriúcháin chun Fostaíocht agus Acmhainní Daonna a Fhorbairt
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
CRF	Creidiúnú Réamh-Fhoghlama
CRC	An Clár um Rathúnas agus Cothroime
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
DNM	Deiseanna Nua do Mhná
ENR	Eagras Neamh-Rialtais
ENDCL	Eagras Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí
ERS	Eagraí Riachtanas Speisialta
FP	Fostaíocht Phobail
GLP	An Grúpa Leasmhar Péidiatrach
ITAC	Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath
ITO	An tIonad um Thaighde Oideachasúil
LFOLO	An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
MEGF	Míchumas Éadrom Foghlama Ginearálta
NA	Na Náisiúin Aontaithe
NEAH	Neamhord Easnaimh Airde Hipirghníomhaíochta
ONL	Oifig Náisiúnta Leanaí
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
PFN/CTP	Plean Forbartha Náisiúnta/Creatlach Tacaíochta don Phobal
RAPID	Revitalising Areas by Planning, Investment and Development
RCRA	An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
RDCCAD	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
RGPTG	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
RSL	An Roinn Sláinte agus Leanaí
RO	An Roinn Oideachais
RS	An Roinn Sláinte
RGSPT	An Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh
RGST	An Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh
RLS	An Roinn Leasa Shóisialaigh
SNFB	Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaineachta
SNL An	Straitéis Náisiúnta Leanaí
SSNCO	Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachasúla
STBSP	Scéim Cheangail Bhaile, Scoile agus Phobail
TMT	Tionscadal Múinteoir Tacaíochta
TLG	Tionscnamh Luathfhoghlama Greenmount
TS	Teiripeoir Saothair

De Réir Sprice? • Achoimre Fheidhmeannach

Tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta is ea an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO), a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2002. Déanann Coláiste Oideachais Naomh Phádraig agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath é a chomh-bhainistiú. Is éard atá sa LFOLO ná réamhtheachtaí Áisineacht Oideachais na Luath-Óige, mar a cuireadh síos uirthi sa Pháipéar Bán ar Luathoideachas, Ullamh le Foghlaim (ROE, 1999).

Cé go bhfuil sé mar chúram ag an LFOLO riachtanais fhorbartha agus oideachais páistí uilig na hÉireann san aoisghrúpa ó bhreith go dtí sé bliana d'aois a mheas, tugtar tús áite do pháistí atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais agus do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta. Sa chomhthéacs sin, ba é ceann de phríomhbhearta an LFOLO iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí do leanaí sa chúinsí sin san aoisréimse ó bhreith go sé bliana d'aois.

Tá réasúnaíocht an Iniúchta seo bunaithe ar an ngá le sonraí iontaofa ar féidir forbairtí beartas agus soláthair sa todhchaí a bhunú orthu. Cé go bhfuil tuairimí difriúla ann faoin fhiúntas a bhaineann le cruinnaimsiú agus soláthar uilechoiteann (McGough, 2001; Hayes, 2002), tá cúram soiléir ag an tuairisc seo ina thaobh; iniúchadh a dhéanamh ar an soláthar cruinnaimsithe i réimsí an mhíbhuntáiste agus na riachtanas speisialta atá ar fáil faoi láthair in Éirinn. Cuireann an tuairisc seo athbhreithniú córasach ar fáil ar sholáthar seirbhísí cruinnaimsithe, agus díríonn sí ar an sainchúram seo.

D'fhonn na sonraí a bhailiú ón réimse leathan sin soláthróirí, cuireadh foinsí arbh fhéidir eolas a lorg uathu san áireamh go leanúnach; struchtúir náisiúnta, nó comhlachtaí le próifíl nó páirteachas náisiúnta; struchtúir idirmheánacha, nó iad siúd le páirteachas réigiúnach; stuchtúir nó grúpaí áitiúla, agus soláthróirí indibhidiúla.

n **Ba é an príomhchinneadh ba thábhachtaí a tháinig as an Iniúchadh seo ná go bhfuil sé thar a bheith deacair teacht ar eolas cruinn ar réimse agus ar chineál na seirbhísí dírithe ar mhíbhuntáiste. Tá sé níos deacra fós teacht ar eolas cruinn i gcás seirbhísí dírithe ar riachtanais speisialta. Ceann de na cúiseanna go bhfuil an scéal amhlaidh is ea nach bhfuil sonraí ar sheirbhísí cruinnaimsithe i bhfoirm dhí-chomhbhailithe laistigh de bhunachair sonraí uilíocha.**

Cuireadh an teolas ar fad a bailíodh i mbunachar sonraí amháin a bhí oiriúnach don Iniúchadh seo, agus baineadh feidhm as

mar bhunús de thionscadal mapála. Tugadh pointe ar leith ar ma mapaí do gach iontráil sa bhunachar sonraí. Baineann na mapaí leis na catagóirí seo a leanas.

- Tuairisciúil – cuirtear sonraí i láthair de réir áite geografaí
- Comhthéacsúil – measctar sonraí le h-eolas eile d'fhonn iad a chur i gcomhthéacs
- Dírithe – díríonn na mapaí seo ar ghnéithe de sholáthar seirbhís cosúil le maoiniú agus comhordú.

Cé nach bhfuil siad cuimsitheach go leor chun pictiúr cinnte de sholáthar seirbhísí cruinnaimsithe in Éirinn a chur ar fáil, is céim chun tosaigh na sonraí a bailíodh le linn an iniúchta seo agus iarracht á déanamh samhail de bhunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt don earnáil um chúram agus oideachas na luath-óige. Is féidir mar sin roinnt breathnuithe ginearálta a dhéanamh i dtaca le soláthar seirbhísí:

- Is mó seirbhísí seisiúnacha atá ann
- Tá seirbhísí a dhíríonn ar leanaí san aoisghrúpa idir breith agus dhá bhliain (m.sh. cúram lae iomláin agus grúpaí tuismitheoirí agus naíonán) thar a bheith teoranta.
- Ar an gcaoi chéanna, tá seirbhísí a dhíríonn ar leanaí san aoisghrúpa idir ceithre bliana agus sé bliana lasmuigh d'uaireanta scoile iontach teoranta
- Tá níos mó seirbhísí comhchruinnithe in ionaid urbacha.

Tagann na breathnuithe seo le cinntí ar thángthas orthu i dtaighde a rinneadh cheana (BFL, 2003, RDCCAD, 1998; 1999) ar sholáthar ginearálta chúram agus oideachas na luath-óige. Tugann sé sin le fios go leanann na saincheisteanna seo de bheith ina ndúshláin d'fhorbairt, comhordú agus méadú seirbhísí cruinnaimsithe le haghaidh leanaí idir breith agus sé bliana.

Léiríonn cinntí an Iniúchta seo an gá atá le treoir i réimsí áirithe, agus tá moltaí déanta ag an LFOLO d'fhonn dul chun cinn i dtaca leis na saincheisteanna seo a éascú.

De réir fhianaise an iniúchta seo níl comhghnás nó critéir a thuigtear ar bhonn náisiúnta i gcomhthéacs seirbhísí dírithe ar leanaí. Cruthaítear critéir as an nua do gach tionscnamh agus baineann siad le incháilitheacht do mhaoiniú seachas leis na leanaí. Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht le haghaidh idirghabhála ag na critéir do idirghabhálacha cruinnaimsithe. Ba chóir chomh maith go mbeadh cuspóir soiléir ann maidir le torthaí don leanbh. Ba cheart go mbeadh na prionsabail ag na critéir a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (NA, 1989) agus sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (RSL, 2000) le deimhniú go gcothaíonn idirghabhálacha a mbíonn leanaí páirteach iontu a gcearta, in ionad saol leanaí a úsáid mar ionaid idirghabhálacha ar leas daoine eile.

- **Molann an LFOLÓ go bhforbródh na Ranna Rialtais ábhartha i gcomhoibriú lena chéile comhghnás náisiúnta le haghaidh idirghábhálacha cruinnaimsithe, a mbeidh táscairí agus critéir socraithe ann chomh maith le cuspóirí cáilíochta bunaithe ar an leanbh. Beidh an comhghnás seo oiriúnach do na comhthéacsanna uilig ina mbíonn idirghabhálacha cruinnaimsithe le leanaí iontu, agus beifear in ann na tionscnaimh a shíolraíonn ó na Ranna Rialtais bainteacha a chomhordú go héifeachtach dá bharr.**

Léirigh an próiseas bailithe eolais don Iniúchadh seo réimse leathan cumais laistigh den earnáil chun eolas a sheachadadh. Go dtí seo ba chosc an t-easpa sonraí bunlíne ó

thaobh forbairt polasaí agus comhordú seirbhísí, ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Ina theannta sin threisigh an teolas a bailíodh ar chúiseanna éagsúla riaracháin an déscaradh idir oideachas agus cúram, rud a léiríonn na deighiltí struchtúrtha atá ann i dtaca leis seo. Tá feasacht ann ar bhonn náisiúnta a thábhachtaí is atá sé sonraí ábharthacha, cuimsitheacha a bheith ar fáil chun dul ar aghaidh i réimse ar bith, agus ar an tábhacht atá le straitéis chúramach bailithe sonraí a bheadh inúsáidte go forleathan, chun tacú le bailiú sonraí dá leithéid.Is féidir le bailiú sonraí, mar a leagtar amach é san Iniúchadh seo, tacú le hiarrachtaí fáil réidh leis an deighilt shaorga idir oideachas agus cúram.

n **Molann an LFOLÓ go bhforbróidh na Ranna Rialtais ábhartha, i gcomhairle leis na príomhpháirtihe leasmhara, straitéis sonraí náisiúnta do earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Ba cheart cuspóirí straitéise ar bith dá leithéid a chur in iúl go soiléir. Tacóidh an straitéis le córas náisiúnta bailithe sonraí a chuirfidh eolas iontaofa ar fáil a chuideoidh le pleanáil, forbairt beartas agus an dáileadh is fearr acmhainní.**

Bhí deacracht ar leith le seirbhísí le haghaidh leanaí le riachtanais speisialta a shainaithint. Dealraíonn sé go bhfuil an-éagsúlacht réigiúnach sa soláthar seirbhísí. I láthair na huaire tá an córas casta agus dúshlánach do thuismitheoirí a theann i dteagmháil leis den chéad uair agus iad ag iarraidh seirbhísí a aimsiú dá leanaí. Tá idir thuismitheoirí agus leanaí ag braith ar an dtoilleadh áitiúil maidir le soláthar seirbhíse. Tá na seirbhísí faoi ghéar-bhrú, agus ní móide go bhfuil cumas breise ar fáil ag leibhéal na seirbhíse le tabhairt faoin bpleanáil agus faoin gcomhtháthú a theastóidh ón bhforbairt atá le teacht.

n **Molann an LFOLÓ straitéis náisiúnta le óg mbeifear in ann teacht go comhionann ar,**

- **Eolas**
- **Sheirbhísí a aithint**
- **Sholáthar seirbhíse**
- **Tacaíocht leanúnach le haghaidh gach uile leanbh le riachtanais speisialta.**

Beidh gá le hiarrachtaí comhordaithe ó na Ranna Stáit, na Boird Sláinte, na Gníomhaireachtaí Deonacha, na grúpaí tuismitheorí, agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fad chun straitéis mar seo a chur i gcrích.

Léiríonn sonraí a bailíodh san Iniúchadh seo go bhfuil difríocht mór, i gcomhthéacs na seirbhísí dírithe, idir líon na seirbhísí lán-lae agus na seirbhísí seisiúnacha. Chomh maith leis sin tá seachadadh na seirbhísí seo comhchruinnithe i gceantair uirbeacha. De ghnáth glacann seirbhísí seisiúnacha le leanaí ó dhá bhliain go leith go trí bliana d'aois, agus má chuirtear san áireamh go bhfuil fíor-bheagán grúpaí tuismitheoirí agus tachráin nó scéimeanna cuairteanna cigireachta baile ann, dealraíonn sé gur bocht an freastal ar leanaí in aois ó bhreith go trí bliana atá á dhéanamh ag seirbhísí idirghabhála cruinnaimsithe. Is cúis imní an toradh seo, agus a mhéid taighde a léiríonn géar-thábhacht na hidirghabhála luaithe ag dul i ngleic le míbhuntáiste agus le h-eisiamh sóisialta le linn na dtrí mbliain tosaigh den saol (Hart agus Risley, 1995; Shonkoff & Phillips, 2000). Is í tuairim an LFOLÓ go gcaithfear aire a dhíriú ar conas cur lenár dtuiscint ar ról na hidirghabhála cruinnaimsithe ar leanaí in aois ó bhreith go trí bliana d'aois in Éirinn.

n **Molann an LFOLÓ go dtabharfadh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige* faoi thaighde — agus go ndéanfaí an taighde seo a scaipeadh — ar na ceisteanna seo**

leanas a bhaineann le soláthar ar leanaí i mbaol míbhuntáiste san aois-ghrúpa bhreith-go-trí bliana d'aois:

- Táscairí oiriúnacha chun míbhuntáiste a aithint san aois-ghrúpa seo.
- Critéir le haghaidh idirghabhála.
- Samhlacha idirghabhála.

Aithnítear le tamall anuas go rachadh comhordú agus leanúnachas chun tairbhe na hearnála Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, agus is as sin a thagann cúram an LFOLÓ *'"[to] develop and co-ordinate early childhood education...and to advise the Department of Education and Science..on policy issues in this area"].'* (LFOLÓ, 2001:2). Gné amháin den chomhordú seo maidir le hidirghabháil cruinnaimsithe is ea leanúnachas seirbhíse ag pointí lárnacha idirthréimhse i saol linbh:

" *Discrepancies between the most important contexts of development and learning, and early frequent interruptions may render the developmental and learning processes less effective."* (Leseman, 2002:40)

Ciallaíonn an teaspa cumarsáide idir na soláthróirí bunaithe sna scoileanna, agus ach go háirithe idir na soláthróirí pobail, go bhfuil mórán leanaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste nó i gcúinsí eile mhíbhuntáiste ag aistriú chuig scoil ó ghrúpa súgartha pobail nó eile gan aon chumarsáid idir an scoil agus an soláthróir. Má chuirimid na ceachtanna a leag Leseman amach (2002) san áireamh, is féidir linn glacadh leis nach gcuidíonn an easpa leanúnachais seo le idirghabhálacha éifeachtacha. Caithfidh coinníollacha idirghabhála a bheith leanúnach, mar a léirigh cleachtas Sráid Rutland (Kellaghan, 1977), le cinntiú nach gcailltear an méid a baineadh amach níos luaithe nuair a théann leanaí chuig an bhunscoil.

n **Molann an LFOLÓ go dtabharfaí faoi thaighde d'fhonn samhlacha éifeachtacha a chuidíonn le comhordú agus leanúnachas soláthair do leanaí faoi mhíbhuntáiste agus le riachtanais speisialta a shainaithint, a mheasúnú agus a scaipeadh. Ní mór do na samhlacha seo tairbhe na n-idirghabhálacha luaithe a chosaint agus a fheabhsú.**

Phléigh an tIniúchadh seo le riachtanais speisialta agus míbhuntáiste go sainiúil ar son na soiléire. Ní bheadh sé cruinn áfach tabhairt le tuiscint nach mbaineann siad le chéile mar chatagóirí. Tagraítear mar shampla don fhianaise a léiríonn go bhfuil ráta níos airde den Míchumas Éadrom Foghlama Ginearálta (MEFG) i measc leanaí faoi mhíbhuntáiste. Cúis imní chomh maith is ea leanaí le MEFG a bhfuil páirt sa míchumas ag fachtóirí timpeallachta a shíolraíonn ó mhíbhuntáiste sóisialta. Níl aon chúis ann ach an oiread nach féidir le leanbh le míchumas ar bith eile a bheith faoi mhíbhuntáiste chomh maith. Ní cúis imní a leithéid de fhorluí ann ach cén chaoi a bhfeastalaíonn an córas idirghabhála ar leanaí i gcúinsí mar sin.

n **Molann an LFOLO go ndéanfaí struchtúir solúbtha idir-rannacha agus idir-ghíomhaireachtaí d'fhonn freastal ar riachtanais leanaí faoi mhíbhuntáiste agus le riachtanais speisialta.**

Mar bhuille scoir, bhí an t-ádh ar an tionscadal seo go raibh sé in ann dea-thoil agus comhoibriú a mhealladh ón iliomad eagraíochtaí páirteach i seirbhísí luath-bhlianta a sholáthar in Éirinn. Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige thar a bheith buíoch as an obair atá déanta ag cách. Táimid ag súil go spreagfaidh an tIniúchadh seo díospóireacht agus go mbeadh tionchar aige ar obair an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige agus soláthar d'ardchaighdeán á fhorbairt aige in Éirinn.

* *Bunaíodh an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO) chun an obair bhunaidh a dhéanamh do Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige (AOLO). Tá cur síos ar fheidhmeanna an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige in Ullamh le Foghlaim, an Páipéar Bán ar Oideachas na Luath-Óige (ROE, 1999: 133).*

1 RÉAMHRÁ 1

2 RÉASÚNAÍOCHT 4

2.1 Ról na Sonraí sa Chomhthéacs Náisiúnta. 4

2.2 Fianaise agus Beartas. 6

2.3 An Gaol idir Fianaise agus Cleachtas. 7

2.4 Conclúid. 7

3 PRÓIFÍL AR SHOLÁTHAR REATHA CRUINNAIMSITHE CHÚRAM AGUS OIDEACHAS NA LUATH-ÓIGE 8

3.1 Réamhrá. 8

3.2 Seirbhísí ag Díriú ar Mhíbhuntáiste. 10

3.2.1 Earnáil Phobail agus Dheonach. 10

3.2.2 Tionscnaimh phobail. 12

3.2.3 Earnáil Phobail agus Dheonach. 14

3.2.4 Ranna Rialtais. 16

3.2.5 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. 16

3.2.6 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (RDCCAD). 25

3.2.7 An Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL). 28

3.2.8 Ranna eile Rialtais. 30

3.2.9 Conclúid. 31

3.3 Riachtanais Speisialta. 33

3.3.1 Seirbhís a Sholáthar. 34

3.3.2 Gníomhaireachtaí Deonacha. 34

3.3.3 An Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL). 36

3.3.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE). 37

3.3.5 Conclúid. 41

4 MODHEOLAíOCHT

4.1 Réamhrá. 42

4.1.1 Teimpléad Eolais. 42

4.2 Tréimhse 1 - An Treoirphróiseas. 43

4.2.1 Athbhreithniú i ndiaidh don Treoirthréimhse a bheith thart. 44

4.3 Tréimhse 2 - An Príomh-Iniúchadh. 44

4.3.1 Struchtúir Náisiúnta. 45

4.3.2 Struchtúir Idirmheánacha. 45
4.4 Cuairteanna Staidéir. 45
4.5 Conclúid. 45

5 CUR I LÁTHAIR NA gCINNTÍ 46
5.1 Réamhrá. 47
5.2 Leibhéal agus nádúr na bhfreagraí. 47
5.2.1 Achoimre. 49
5.3 Anailís Eolais agus Bainistíocht. 50
5.3.1 Trastagairt. 50
5.3.2 Na sonraí a chódú. 50
5.3.3 Na Sonraí a Mhapáil. 51
5.4 Na Sonraí a Mheas. 51
5.5 Mapáil agus Dáileadh. 53
5.6 Mapaí Tuairisciúla. 53
5.7 Mapaí Comhthéacsúla. 56
5.8 Mapaí Dírithe. 58
5.9 Achoimre. 61
5.9.1 Príomhbhreathnuithe. 61

6 PLÉ AGUS MOLTAÍ 62
6.1 Cruinnaimsiú. 62
6.2 Eolas/Sonraí. 63
6.3 Soláthar Seirbhísí. 64
6.3.1 Riachtanais Speisialta. 64
6.3.2 Soláthar ag Díriú ar Mhíbhuntáiste i measc Leanaí ó Bhreith go Trí Bliana. 64
6.3.3 Comhordú agus Leanúnachas. 65
6.3.4 Riachtanais Speisialta agus Míbhuntáiste. 66
6.4 Moltaí. 66
6.5 Conclúid Dheireanach. 67

7 TAGAIRTÍ 68
8 AGUISÍNÍ 74

Tábla na bhfigiúiri

Tábla 1 • Catagóirí de sholáthar seirbhísí. 51
Léaráid 1 • Soláthar Cruinnaimsithe 51
Léaráid 2 • Fad sholáthar seirbhísí. 51
Tábla 2 • Catagóirí de sholáthar seirbhísí 52
Figiúr 3 • Catagóirí de sholáthar seirbhísí 52
Mapa 1 • Forbhreathnú ar Sheirbhísí Cruinnaimsithe in Éirinn 53
Mapa 2 • Seirbhísí a Dhíríonn ar Riachtanais Speisialta 54
Mapa 3 • Seirbhísí a Dhíríonn ar Mhíbhuntáiste 55
Mapa 4 • Líon na Leanaí idir Breith agus 6 Bliana in aghaidh gach Seirbhíse Cruinnaimsithe 56
Mapa 5 • Soláthar Seirbhísí Míbhuntáiste i gComhthéacs Ioncam Indiúscartha Tí 57
Mapa 6 • Dáileadh Spásúil de Thionscnaimh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta 58
Mapa 7 • Tionscnaimh Urbacha Tús Luath agus An Ré a Bhriseadh i mBaile Átha Cliath 59
Mapa 8 • Dáileadh seirbhísí a dhíríonn ar mhíbhuntáiste tríd an bhfoinse mhaoinithe. (ROE agus eile) 60